

AN CUMANN GAELACH



Dia daoibh! Maria Schärer is ainm dom, agus táim mar Reachtaire ar an gCumann Gaelach i mbliana. Tá na múrtha fáilte romhaibh go Cumann Gaelach Coláiste na Tríonóide!

An aidhm is mó atá againn sa Chumann Gaelach ná an deis a thabhairt do dhaoine a gcuid Gaeilge a úsáid go laethúil, mar a bpríomhuirlis chumarsáide más féidir. Cé go bhfuil an Ghaeilge fíor-láidir anseo i gColáiste na Tríonóide agus go cloistear í á labhairt ní hámháin sa Scéim Chónaithe agus sa Seomra Gaeilge ach thart ar an gcampas chomh maith, táimid ag iarraidh go dtiocfaidh fás níos mó uirthi fós.

I rith na bliana déanaimid eagrú ar chuid mhaith ócáidí go hiomlán trí mheán na Gaeilge, agus chun tús maith a chur leis an mbliain tá Seachtain na dTósaítheoirí den chéad scoth eagraithe againn. I mbliana beidh Booka Brass Band linn ar an stáitse le haghaidh an Ghig Mhór, beidh céilí againn ar Chearnóg na bParlaiminte, lón saor in aisce agus níos mó fós.

Tá bliain an-ghnóthach againn agus roimh na Nollag féin beimid ag freastal ar Oireachtas na Samhna, ag glacadh páirt in ócáidí leis na Cumainn Ghaelacha uilig i mBÁC agus mar is gnáth beidh lón saor in aisce againn chuile Céadaoin ag a 1 i.n. sa Seomra Gaeilge. Beidh an Ciorcal Comhrá ar ais chuile oíche Mháirt ag a 7 i.n. chomh maith.

Mar sin bíg linn, don chraic, don cheol, don chomhlúadar agus níos mó ná aon rud eile don Ghaeilge! Is deis iontach atá againn anseo ceiliúradh a dhéanamh ar ár dteanga i measc cairde nua. Bí linn!

www.cumann.ie

AN CUMANN GAELACH AG DUL Ó NEART GO NEART

Aontas na Mac Léinn
The Students' Union

Is mise Rachel Ní Bhrádaigh agus beidh mé ag obair mar Oifigeach Gaeilge Aontas na Mac Léinn i mbliana. Is é mo phost ná an Ghaeilge a chur chun cinn i gColáiste na Tríonóide. Tá sé mar aidhm agam foireann a chuir le chéile chun ríomhphost seachtainiúil Aontas na Mic Léinn a aistriú go Gaeilge gach seachtain. Chomh maith le sin beidh mé ag eagrú ócáidí trí mheán na Gaeilge i dteannta leis an gCumann Gaelach agus Oifig na Gaeilge. Má tá ceist ar bith agat faoi seo nó áon rud eile a bhaineann leis an Ghaeilge sa Choláiste, no má tá aon smaointí agat, nil ort ach ríomhphost a sheoladh chugam ag gaeilge@tcdsu.org. Táim ag tnúth go mór le bualadh libh go léir i rith na bliana!

Le roinnt blianta anuas, tá duaiseanna suntasacha náisiúnta de chuid Ghlór na nGael bainte amach uair i ndiaidh a chéile ag ár gCumann Gaelach- comhartha den ndíogras, den bhfuinneamh agus den spraoi a bhaineann lucht an Chumainn as ár dteanga náisiúnta. Nár laga Dia a lámha!

Ranganna Gaeilge

- SAOR IN AISCE
- Do mhic léinn agus do bhaill foirne
- 5 leibhéal, ó ghlanthosaítheoirí go hardrang comhrá
- Béim ar an chaint
- 1 uair sa tseachtain, 8 seachtaine sa téarma
- Lá Eolais agus Clárúcháin ag tús gach téarma

Eolas ar leibhéal agus ar chlárúcháin:
www.tcd.ie/gaeiloifig/ranganna

Teastas Eorpach na Gaeilge

Cailíocht é "TEG" atá aitheanta go hidirnáisiúnta. Leanann ranganna Gaeilge Choláiste na Tríonóide siollabas TEG. Tugtar tacaíocht d'éinne sa rang atá ag iarraidh tabhairt faoi TEG – an scrúdú béil nó an scrúdú iomlán. Gheobhaidh baill foirne an Choláiste tuille an scrúdaithe béil (€50) ar ais ó Oifig na Gaeilge, mar chostas traenála. Má tá suim agat TEG a dhéanamh, labhair le hAonghus ar 896-3652.

www.teg.ie

Irish Classes

- FREE
- For staff and students
- 5 levels, from total beginners to advanced conversation
- Emphasis on spoken Irish
- 1 hour per week, 8 weeks per term
- Information and Registration Day at the start of each term

Information on levels and registration:
www.tcd.ie/gaeiloifig/en/ranganna

European Certificate in Irish

The European Certificate in Irish ("TEG") is an internationally-recognised qualification. Trinity College Irish classes follow the TEG syllabus. Support is given to anyone in the class who wants to do TEG – either the oral exam or the full exam. College staff members can reclaim the fee of the oral exam (€50) from the Irish Language Office, as a training expense. If you're interested in doing TEG, talk to Aonghus at 896-3652.

www.teg.ie

Deiseanna Cainte



An Chéadaoin @ An Bhutrach

Comhrá, caife agus craic as Gaeilge gach Céadaoin sa Bhutrach, 10.30-11.30am.

Fáilte mhór roimh mhic léinn, bhaill foirne agus phobal na Gaeilge i gcoitinne. Tá an imeacht briomhair, taitneamhach seo ar siúl le seacht mbliana anois- agus bíonn an caife thar barr freisin! Bíg linn le lár na seachtaine a cheiliúradh!

An Lárionad Léinn Teanga agus Cumarsáide Centre for Language and Communication Studies (CLCS)

- Modúil Ghaeilge ar fáil mar chuid den Churaclam Leathan (meán- agus ardleibhéal)
- Áiseanna féin-teagaisc ina leabharlann agus ina seomraí ríomhairí
- "An focal scríofa go caint bheo" ar www.abair.ie, an sintéiseoir Gaeilge

www.tcd.ie/slscs/clcs



Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
Trinity College Dublin
Ollscoil Átha Cliath | The University of Dublin

Opportunities for Conversation



Lón Gaeilge don Fhoireann

- Gach Céadaoin, 1pm, Seomra 3104, Foirgneamh na nEalaíon.
- Tae, caife agus briosaí ar fáil – tóg do lón féin leat.
- Buíochas mór le Scoil an Oideachais as an ócáid a eagrú.
- Fáilte roimh chách ar fhoireann an Choláiste!



TCD AGUS AN GHAELIGE 2015-2016

TCD AND THE IRISH LANGUAGE 2015-2016

Fáilte an Phropaist

A chairde,

Táimid thar a bheith bródúil anseo i gColáiste na Tríonóide as an traidisiún seanbhunaithe atá againn maidir leis an nGaeilge. Is iomaí Gaeilgeoir cáiliúil a raibh baint acu le Coláiste na Tríonóide. William Bedell, mar shampla, a rinne an chéad aistriúchán ar an Sean-Tiomna go Gaeilge, Dubhghlas de hÍde, bunaitheoir Chonradh na Gaeilge agus Máirtín Ó Cadhain, a bhí ina Ollamh i Scoil na Gaeilge.

Cuid thábhachtach de shaol an Choláiste is ea an Ghaeilge a chur chun cinn agus ba mhór an pléisiúr domsa Seomra na Gaeilge, seomra ar leith comhrá, a oscailt go hoifigiúil sa bhliain 2012. Tá ag éirí go han-mhaith leis an áis seo, agus is iomaí mac léinn agus ball foirne atá ag baint leasa as le blianta beaga anuas. Láthair den scoth é d'imeachtaí cultúir agus sóisialta i nGaeilge freisin.

Tugadh aitheantas do bheocht na teanga i saol mhic léinn Choláiste na Tríonóide le roinnt bliana anuas le bronnadh don dara bliain as a chéile nuair a bhronn duaiseanna de chuid Ghlór na nGael ag Aire Stáit na Gaeltachta d'ár gCumann Gaelach.

Éiríonn go maith i gcónaí leis na scéimeanna cónaithe Gaeilge agus gné nua a bhaineann leo anois ná gur ionann na rannpháirtithe is ambasadóirí cultúir i measc mhic léinn idirnáisiúnta.

Tá fáil ar sheirbhísí dátheangacha do chustaiméirí sa Leabharlann ag cur le infheictheacht na teanga i saol laethúil an choláiste. Déanfar forbairt ar a thuilleadh seirbhísí dátheangacha sna blianta amach romhainn faoinár Dara Scéim Gaeilge (2013 to 2016).

Cinntíonn ról Lármach Oifig na Gaeilge go mbeidh tacaíocht ar fáil don iliomad gníomhaíochtaí sóisialta, oideachais agus cultúir a bhíonn ar siúl i rith na bliana, agus molaim duit leas a bhaint as oiread acu agus is féidir sa bhliain amach romhat.

Le gach dea-ghuí.

Patrick Prendergast,

Propast

Welcome from the Provost



A chairde,

We are extremely proud here in Trinity College of our long tradition of service to the Irish language. Notable contributors to the language with Trinity links have included William Bedell, who was responsible for the first translation of the old Testament into Irish, Douglas Hyde, founder of the Gaelic League and Máirtín Ó Cadhain who was Professor in the School of Irish.

The promotion of the Irish language is an important part of College life, and it was my great pleasure as Provost to officially open Seomra na Gaeilge, a dedicated conversation room, in 2012. This facility has been a tremendous success, and has been availed of by many students and staff throughout the course of the past number of years, as well as providing a venue for a number of cultural and social events in Irish.

The vibrancy of the language in Trinity's student life was recognised for a number of years past with the conferring by the Minister of State for the Gaeltacht of prestigious Glór na nGael awards for our Cumann Gaelach.

Our Irish language residency schemes have enjoyed continued success, and a very welcome development is their carving out of a cultural ambassadorship role with international students.

The availability of bilingual customer services in the Library has added to the visibility of Irish in day-to-day college life, and our second Irish Language Scheme (2013 to 2016) will see the development of further bilingual services in the years ahead.

The central role of the Irish Language Office ensures that support is available for many cultural, educational and social activities throughout the year, and I encourage you to avail of as many of these as you can in the year ahead.

Le gach dea-ghuí.

Patrick Prendergast,

Provost



Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
Trinity College Dublin
Ollscoil Átha Cliath | The University of Dublin

T: 01 896 3652
gaeiloifig@tcd.ie
www.tcd.ie/gaeiloifig

Oifig na Gaeilge

Dia dhaoibh a chairde. Is mise Aonghus, Oifigeach Gaeilge an Choláiste. Táim anseo leis an Ghaeilge a chur chun cinn: i measc mhic léinn an Choláiste trí chabhair agus tacaíocht a thabhairt do mhuintir na scéimeanna cónaithe agus don Chumann Gaelach; i measc na mball foirne, trí imeachtaí éagsula a eagrú agus a éascú; agus sa saol i gcoitinne, trí imeachtaí spéisiúla cultúrtha a chur ar fáil. Tugaim comhairle d'fhoireann an Choláiste maidir le forbairt seirbhísí dátheangacha anseo faoi réir Acht na dTeangacha Oifigiúla agus Scéimeanna Teanga an Choláiste. M'á bhíonn aon cheist ar bith agat maidir le cúrsaí Gaeilge anseo, téigh i teagmháil liom ag 01-896-3652 nó trí an ríomhphost gaeloifig@tcd.ie.

Irish Language Office

Welcome to Trinity's Irish Language Borchure for the year 2015-2016. We have many exciting events planned for this year, and we encourage you to join us. You will find information on our free Irish classes as well as our various events in College in this brochure.

I can be contacted at 01-896-3652 or by email at gaeloifig@tcd.ie.



Free Irish translation service for TCD staff – just send the English text to gaeloifig@tcd.ie

Coiste na Gaeilge

Irish Language Committee



Tá Coiste na Gaeilge (fochoiste de chuid Bhord an Choláiste) ann ar mhaithe leis an Ghaeilge a chur chun cinn sa Choláiste. An tUasal Liam Dowling, Ceann Roinn na hInnealtóireachta Leictirí agus Leictreonaí, atá ina Chathaoirleach air, agus is as na réimsí seo a leanas a thagann na hionadaithe eile: Rúnai an Choláiste; Comhairle an Choláiste; Cláraitheoir na Seomraí; Déin; Riarachán agus Tacaíocht; Leabharlann an Choláiste; an trí Dhámh; Roinn na Gaeilge; Aontas na Mac Léinn Iarchéime; Aontas na Mac Léinn; An Cumann Gaelach; Oifig na Gaeilge.

Roinn na Gaeilge

Department of Irish

Roinn bheag ach láidir atá i Roinn na Gaeilge i gColáiste na Tríonóide, agus stair láidir taobh thiar di – bunaíodh Cathaoir na Gaeilge in 1840. Tá an fhoireann beag, agus cuireann na mic léinn agus an fhoireann aithne mhaith ar a chéile i gcaitheamh a dtréimhse sa Choláiste.

socheolaíocht na hÉireann ar bhonn níos leithne. Agus ar ndóigh is féidir gabháil d'íarchéimeanna taighde freisin sa Roinn.

Cuirtear dhá chúrsa ar fáil do mhic léinn eachtrannacha a thagann go Coláiste na Tríonóide – ceann ina ndéantar staidéar ar litríocht agus ar theanga na tíre ar bhonn acadúil, agus cúrsa neamhfhoirmeálta dóibh siúd ar mhaith leo Gaeilge bhunúsach a fhoghlaim agus iad sa tír. Cúrsa oíche is ea é seo, agus bíonn fáilte roimh bhaill foirne eachtrannacha ar an gcúrsa seo freisin. Beidh níos mó ná ‘cúpla focal’ acu roimh dheireadh na bliana, agus bíonn craic sa rang chomh maith.

Iidir na cúrsaí seo ar fad, tá thart ar 200 mac léinn sa Roinn – dóthain le spraoi a bheith ag baint le saol an mhic léinn, ach líon sách beag le go mbíonn

aithne phearsanta ag na mic léinn agus an fhoireann ar a chéile, agus bíonn an-tacaíocht ann do na mic léinn. An tOllamh Dáimian MacManus atá ina Ceann Roinne. Cuir tuilleadh aithne orainn féin, ar ár gcuid cúrsaí agus ar ár gcuid foilseachán ag www.tcd.ie/irish.

Caoimhe Ní Bhraonáin Oifigeach Feidhmiúcháin, Roinn na Gaeilge



Seirbhísí Gaeilge

Irish Language Services

Seirbhísí custaiméara

- Leabharlann an Choláiste Gnó trí Ghaeilge ag príomh-dheasca iasachta an Berkeley agus an Hamilton, Luan - Aoine, 9am - 3.30pm
- An Oifig Fhiosrúcháin Teagmháil: Norah Quinton, 8961724
- Oifig an Rúnai Teagmháil: Aonghus Dwane, 8963652



Bí ag faire amach do ‘G’ in aice le baill foirne ar PeopleFinder: léiríonn sé go bhfuil baill foirne lán-sásta gnó a dhéanamh trí Ghaeilge leat!

Seirbhísí eile

- Turais trí Ghaeilge ar Leabhar Ceanannais Teagmháil: Anne-Marie Diffley, 896 2320
- Seirbhísí Leabharlaine Catalóg na Leabharlaine, Treoir Leabharlaine agus Iarratas ar Thicéad Léitheora ar Cuairt ar fáil trí Ghaeilge
- Urلابhraithe, Foilseacháin agus Leathanaigh Ghreásáin Liostaí ar fáil ag www.tcd.ie/gaeloifig/gaeilge/tuilleadh-eolas.ga.php



Tá gach eolas faoi na seirbhísí Gaeilge sa Choláiste ar fáil trí an nasc ‘Gaeilge’ ar príomh-leathanach baile an Choláiste a bhfuil.

Imeachtaí Gaeilge:

1916-2016 agus Imeachtaí Cultúrtha eile

Irish Language Events:

1916-2016 and other Cultural Events

Clár na bliana 2015-2016

Cuirfidh Oifig na Gaeilge imeachtaí cultúrtha ar bun le ceiliúradh a dhéanamh ar an Ghaeilge agus gach a gabhann léi. Bí ag faire amach d'imeachtaí spéisiúla eile i gcaitheamh na bliana ar ár suíomh gréasáin www.tcd.ie/gaeloifig, ar Facebook agus ar Twitter.

Comóradh ar Éirí Amach na Cásca 1916

Beidh sraith imeachtaí speisialta á eagrú i gcaitheamh na bliana romhainn ag Oifig na Gaeilge, i gcomhphairt le heagrais eile, le comóradh a dhéanamh ar Éirí Amach na Cásca 2016 agus an bhaint mhór a bhí ag an Ghaeilge leis. Cuirfead tús leis an gclár ar an Luan 23 Samhain le Seimíneár Poiblí dátheangach sa Téatar Poiblí (Halla na Scrúdaithe) ag 7pm, i gcomhar le Conradh na Gaeilge, nuair a bheidh aochainteorí ó chulraí éagsula ag plé na ceiste: “Gaelic and Free: Cad is Brí leis i 2016?”



“As Trunc Pessoa” - seoladh leabhair

Ar an 14 Deireadh Fómhair, mar chuid d'fhéile IMRAM, seolfar leabhar nua leis an údar Deirdre Brennan, “As Trunc Fernando Pessoa”, ina bhfuil aistriúchán déanta aici go Gaeilge ar dhánta Pessoa ón bPortaingéilis. Beidh léamh filíochta, ceol agus sólaistí againn ag an imeacht álainn, suaimhneach seo. 6pm i Seomra na Gaeilge.

Tuilleadh eolais ar imeachtaí 1916-2016 agus imeachtaí cultúrtha eile: www.tcd.ie/gaeloifig

Éigse na Tríonóide

Imeachtaí cultúrtha

Anraith agus Arán i Seomra na Gaeilge

An Lón Gaeilge

An Chéadaoin @ an Bhutrach

Ciorcal Comhrá an Chumainn

Turas na Foirne

Lá na Gaeilge

Oireachtas na Gaeilge

An Bál Gaelach

Gradaim na Gaeilge

@GaeloifigTCD @AnCumannGaelach

f GaeloifigTCD CumannGaelachTCD

www.tcd.ie/gaeloifig www.cumann.ie

Seomra na Gaeilge

Irish Language Room



- Seomra na Gaeilge - seomra caidrimh do chainteoirí Gaeilge
- Ar oscailt i rith an téarma acadúil, 9.00am-4.30pm, Luan go hAoine
- Nuachtáin, leabhair, foilseacháin, cluichí boird i nGaeilge ar fáil sa seomra
- Imeachtaí eile á reáchtáil
- Téann tú isteach trí dhoras taobh thiar den Bhutrach, i mBá na Luibheolaíochta, agus suas ansin go barr an staighre.
- Gach eolas ar www.tcd.ie/gaeloifig

TAE AGUS BRIOSCAÍ AR 20c!

Treoracha agus eolas eile ar fáil ag www.tcd.ie/gaeloifig/seomra-gaeilge.

An Scéim Chónaithe

Irish Language Residency Scheme



- Lóistín lan-Ghaeilge le haghaidh mac léinn i mblíanta 1-4
- Árasáin ar champus agus i Halla na Tríonóide
- An Ghaeilge á chur chun cinn ag lucht na Scéime i rith na bliana
- Deontas €1,000 an duine ar fáil

Gach eolas ar www.tcd.ie/gaeloifig/sceim-chonaithe

Próiseas iarratais ag oscailt i mí Feabhra

Scéim Teanga

Sheol Aire na Gaelachta, Dinny McGinley, Dara Scéim Teanga Choláiste na Tríonóide i mí na Samhna 2013. Leagann an Scéim Teanga síos na bealaigh ina gcuirfidh an Coláiste feabhas ar ár gcuid seirbhísí Gaeilge. Is féidir Scéimeanna Teanga Choláiste na Tríonóide a léamh ag

www.tcd.ie/gaeloifig/acht-na-dteangacha-oifigiula/sceim.

Gradaim na Gaeilge Irish Language Awards

Ag deireadh na bliana acadúla 2015/16, bronntar Gradaim na Gaeilge, le haithneantas a thabhairt don obair ar son na teanga ata déanta ag mic léinn, baill foirne agus alumni.

Féach www.tcd.ie/gaeloifig/gradaim.php

Turas Ealaíne ar Fóin Chliste Smart Campus Art Tour

Tá turas ar bhailiúchán ealaíne an Cholaiste ar fáil i nGaeilge ar d'fhón cliste, agus beidh turais threoraithe á eagrú againn ar an mbailliúchán freisin i rith na bliana.

www.tcd.ie/artcollections/art-campus/index.ga.php

